Grian na maighdean máthair Dé

[McKenna, L.: *Dánta do chum Aonghus Fionn Ó Dálaigh*, Dublin 1919, poem 12]

Don Mhaighdin Mhuire

1 Grian na maighdean máthair Dé
do arduigh a grása a gnaoi
cóir ar gcean do laighdigh lé
bean Dé na maighdin ’s na mnaoi.

2 Craobh eolais na n-uile ógh
seolais an uile ar a n-iúl
bean mar í níor ríoghadh riamh
grian na ríogh-bhan is sí ar siúr.

3 Caor buaidhe an chagaidh do chlódh
caor abaidh as uaisle fíon
níor fhás río-chraobh mar í a húr
súgh a fíon-chaor Rí na ríogh.

4 Féach an iomarcaidh don óigh
ionshamhail an éasga láin
bean mhothuighthe ceilge [an] chígh
meirge sídh chothuighthe cáigh.

5 Duine dá dtánaig ar tós
don fhuil-se Ádhaimh an-uas
mar Mhoire is obair gur fhás
[tobair] grás an toighe thuas.

6 Díol taile ar fhéaghain an ógh
go ngéagaibh as ghlaine snuadh
neimh-meirge is caise ’na cúl
glaise a súl geil-deirge a gruadh.

7 A chaor bhuadha an earla fhinn
ón gheal-bhais gus an ngruaidh nduinn
ní fhuil shamhail dot shúil mhoill
a chroinn úir an taraidh thruim.

8 A thonn robharta a ré lán
ní hé nach docar mo dhíon
cuir do dhiomdha céim ar gcúl
a fhiodhbha úr don fhréimh ríogh.

9 Reanna nimhe nó níos mó
duille feadha nó níos lia

naoi nuimhir ag car do chlú
a bhrú ghlan ór dhuinigh Dia.

10 Dul na ghuais is docar dúinn
do mholadh do ghruadh mar ghréin
ní gar meas ar áirimh t'eoil
sgeoil nach feas le fáidhibh féin.

11 A cheann fíréan Ríogh na ríogh
do Mhíchéal go dtí mo thriall
ós slighe é da gach aon
maor an té as ghile ná an ghrian.   GRIAN